2025/1939

25.9.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1939 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Meán Fómhair 2025

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1402 a mhéid a bhaineann le caighdeáin chomhchuibhithe i ndáil le méadair fuinnimh theirmigh a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2014/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le Caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 14 de Threoir 2014/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), uirlisí tomhais atá i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe nó le codanna díobh, caighdeáin ar foilsíodh na tagairtí dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, glactar leis go bhfuil siad i gcomhréir leis na buncheanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin, agus sna hIarscríbhinní uirlis-shonracha ábhartha a ghabhann leis an Treoir sin a chumhdaítear leis na caighdeáin sin nó le codanna díobh.

(2) Le Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2015) 8558 ón gCoimisiún ([3]), d'iarr an Coimisiún ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú, ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil, agus ar Institiúid Eorpach na gCaighdeán Teileachumarsáide caighdeáin chomhchuibhithe a dhréachtú chun tacú le Treoir 2014/32/AE i ndáil le huirlisí áirithe tomhais, sin agus athbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin sin, agus an obair orthu thabhairt i gcrích ('an iarraidh').

(3) Ar bhonn na hiarrata, dhréachtaigh an Coiste Eorpach um Chaighdeánú na caighdeáin chomhchuibhithe seo a leanas maidir le méadair fuinnimh theirmigh: EN 1434-1:2022 Méadair fuinnimh theirmigh - Cuid 1: Riachtanais ghinearálta, EN 1434-2:2022 Méadair fuinnimh theirmigh - Cuid 2: Ceanglais tógála, EN 1434-4:2022 Méadair fuinnimh theirmigh - Cuid 4: Tástálacha faofa patrún, EN 1434-5:2022 Méadair fuinnimh theirmigh - Cuid 5: Tástálacha deimhnithe tosaigh agus EN 1434-6:2022 Méadair fuinnimh theirmigh - Cuid 6: Suiteáil, coimisiúnú, monatóireacht agus cothabháil oibriúcháin.

(4) Rinne an Coimisiún measúnú i gcomhar leis an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú féachaint cé acu a gcomhlíontar nó nach gcomhlíontar an iarraidh leis na caighdeáin comhchuibhithe EN 1434-1:2022, EN 1434-2:2022, EN 1434-4:2022, EN 1434-5:2022 agus EN 1434-6:2022 an iarraidh.

(5) Caighdeáin chomhchuibhithe EN 1434-1:2022, EN 1434-2:2022, EN 1434-4:2022, EN 1434-5:2022 agus EN 1434-6:2022, is caighdeáin iad a chomhlíonann na ceanglais is aidhm dóibh a chumhdach, ceanglais a leagtar amach i dTreoir 2014/32/AE. Dá bhrí sin, is iomchuí na tagairtí do na caighdeáin sin a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 316, 14.11.2012, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1025/oj.

([2]) Treoir 2014/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le huirlisí tomhais a chur ar fáil ar an margadh (IO L 96, 29.3.2014, lch. 149, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/32/oj).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2015) 8558 final ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2015 maidir le hiarraidh ar chaighdeánú ar an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú, ar Choiste Eorpach na gCaighdeán Leictriteicniúil agus ar Institiúid Eorpach na gCaighdeán Teileachumarsáide de bhun Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil le huirlisí áirithe tomhais.

(6) In Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1402 ón gCoimisiún [4] soláthraítear na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe sin a fhágann go nglactar leis go bhfuil comhréir ann le Treoir 2014/32/AE. Maidir leis na tagairtí do na caighdeáin chomhchuibhithe a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2014/32/AE, chun a áirithiú go ndéanfar iad uile a liostú in aon ghníomh amháin, ba cheart na tagairtí do chaighdeáin chomhchuibhithe EN 1434-1:2022, EN 1434-2:2022, EN 1434-4:2022, XEN 1434-5:2022 agus EN 1434-6:2022 a chuimsiú san Iarscríbhinn sin.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1402 a leasú dá réir.

(8) Ón dáta a fhoilsítear an tagairt do chaighdeán comhchuibhithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, is rud é comhlíonadh an chaighdeáin sin a fhágann go nglactar go bhfuil comhréir ann leis na buncheanglais chomhfhreagracha a leagtar amach i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1402 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Meán Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

[4] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1402 ón gCoimisiún an 25 Lúnasa 2021 maidir le caighdeáin chomhchuibhithe i ndáil le méadair gháis agus uirlisí tomhais eile a dréachtaíodh chun tacú le Treoir 2014/32/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 302, 26.8.2021, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2021/1402/oj).

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1402, cuirtear na rónna seo a leanas isteach:

‘9.	EN 1434-1:2022 Méadair fuinnimh theirmigh - Cuid 1: Riachtanais ghinearálta
10.	EN 1434-2:2022 Méadair fuinnimh theirmigh - Cuid 2: Ceanglais tógála
11.	EN 1434-4:2022 Méadair fuinnimh theirmigh - Cuid 4: Tástálacha faofa patrún
12.	EN 1434-5:2022 Méadair fuinnimh theirmigh - Cuid 5: Tástálacha deimhnithe tosaigh
13.	EN 1434-6:2022 Méadair fuinnimh theirmigh - Cuid 6: Suiteáil, coimisiúnú, monatóireacht agus cothabháil oibriúcháin’